

# Eleathanach237

Dé Luain 7 Meitheamh 2016


## Mionmharatón na mBan

Bhí Mionmharatón na mBan ar siúl Dé Luain. Bhí an rás ann i mBaile Átha Cliath. Ghlac timpeall 40,000 bean páirt sa rás! Is rás 10 gciliméadar é.

Bhí an bua ag Siobhán O' Doherty sa rás. Ghlac sé 34 nóiméad 28 soicind uirthi an rás a chríochnú! Bhí áthas an domhain uirthi!

Bhí an aimsir go hálainn agus bhí atmaisféar iontach i mBaile Átha Cliath.

Bhí na mná ar fad ar na sráideanna tar éis an ráis - bhain siad an-taitneamh as an lá agus bhailigh siad go leor airgid do na carthanachtaí éagsúla. Comhghairdeas libh ar fad!



Bhí an bua ag Siobhán O'Doherty!



## Nuacht ó One Direction

Is í Cheryl Fernandez-Versini cailín nua Liam Payne. Réitíonn Niall Horan go maith le Cheryl agus dúirt sé gur cailín iontach í. Thug sé agallamh don iris Heat. Is é Liam an cara is fearr ag Niall.

Bhí Niall Horan ag imirt sacair in Old Trafford thar an deireadh seachtaine. *Soccer Aid 2016* is ainm don chomórtas.

Bhí go leor daoine cáiliúla ag imirt - Robbie Williams, Louis Tomlinson, Robbie Fowler. Bhailigh siad £5.4 milliún don charthanacht UNICEF UK.

## Scéalta faoi Ghorailí

Fuair Harry an Goraille bás sa Zú i mBaile Átha Cliath. Ní raibh sé ach 29 bliain d'aois. Bhí seisear páistí ag Harry agus bhí an-bhrón ar gach duine sa zú nuair a fuair sé bás.

Rugadh Harry sa bhliain 1986. Bhí triúr mac aige: Alf, Evindi and Kituba is ainm dóibh. Is í Lena a máthair. Tá uaigneas ar Lena anois.

Bhí ar an Zú in Cincinnati, Meiriceá, goraille a mharú. Harambe is ainm don ghoraille. Bhí sé 17 bliain d'aois.

Thit buachaill óg a bhí 4 bliana d'aois isteach san áit ina raibh Harambe. Bhí eagla ar gach duine agus bhí ar an Zú an goraille a mharú.

Tá an-bhrón ar an Zú ach tá an buachaill óg slán sábháilte anois.



Thaitin Harry go mór leis na páistí a thug cuairt ar an Zú i mBaile Átha Cliath!